Cuntas Leithreasa 2017

# Vóta 16

# An Oifig Luachála

# Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 16, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tugaim tuairisc sa chuntas a ghabhann leis seo ar an méid a caitheadh sa bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2017 ar thuarastail agus ar chaiteachais na hOifige Luachála lena n-áirítear mionseirbhísí áirithe eile.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2017, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlitear barrachas €1.86 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid é den chuntas seo an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta chomh maith leis na nótaí 1 go 6.

## Ráiteas maidir le Prionsabail agus Polasaithe Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú.

## Ráiteas ar Rialú Airgeadais Inmheánach

***Freagracht as an gCóras Rialála Inmheánach Maidir le Cúrsaí Airgeadais***

Admhaím go bhfuil de fhreagracht orm, mar Oifigeach Cuntasaíochta, a chinntiú go bhfuil córas rialála inmheánach den éifeacht ar bun agus á fheidhmiú ag an Oifig Luachála maidir le cúrsaí airgeadais. Is i gcomhthéacs na n-acmhainní a chuirtear ar fáil dom agus a leagtar de chúraimí eile orm mar Cheannaire Oifige a chomhlíontar an fhreagracht sin. Anuas air sin, is deimhniú réasúnta agus ní deimhniú iomlán is féidir a chur ar fáil le haon chóras rialála inmheánach maidir le cúrsaí airgeadais go ndéantar sócmhainní á gcaomhnú, go ndéantar idirbhearta á n-údarú agus tuairisc mar is ceart á choimeád orthu agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtacht a sheachaint nó a thabhairt chun suntais go luath-thráthúil. Is próiseas leanúnach atá sa chóras rialála inmheánach maidir le cúrsaí airgeadais a choinneáil ar bun agus déantar an córas agus éifeachtúlacht an chórais a choinneáil faoi athbhreithniú seasta.

Cuirtear feidhmeanna acmhainní daonna ar fáil ar bhonn seirbhísí comhroinnte ag an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte (Vóta 18). D'aistrigh an fheidhm párolla chuig an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte i mí an Mheithimh 2017. Is é Rúnaí Ginearálta na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe an Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 18 freisin agus is é atá freagrach maidir leis na rialaithe a fheidhmiú laistigh de na hionaid seirbhísí comhroinnte.

Tá mo chuid freagrachtaí maidir leis na ceanglais sa chomhaontú bainistíochta seirbhísí idir an Oifig Luachála agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte chomhlíonta agam i ndáil le seirbhísí acmhainní daonna a sholáthar.

Táim ag brath ar litir dhearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta na Seirbhísí Comhroinnte go bhfuil na rialuithe iomchuí curtha i bhfeidhm i ndáil le seirbhísí comhroinnte a chur ar fáil don Oifig seo.

***Rialáil ar Chúrsaí Airgeadais***

Dearbhaím go bhfuil córas rialála lena ngabhann na gnéithe seo a leanas i bhfeidhm:

- tá freagrachtaí airgeadais curtha i leith dhaoine ar leibhéal na bainistíochta agus córas cuntasachta dá réir sin i bhfeidhm
- tá socruithe tuairiscíochta curtha ar bun ar gach leibhéal ag a bhfuil freagracht maidir le bainistíocht airgeadais curtha i leith dhaoine
- tá gnáis fhoirmeálta curtha ar bun i ndáil le tuairiscíocht ar chásanna suntasacha ina dtarlaíonn teip rialála ionas go gcinntítear beart coigeartaithe cuí
- tá Coiste Iniúchta ar bun d'fhonn comhairle a thabhairt dom maidir lena leagtar de fhreagracht orm maidir leis an gcóras inmheánach don rialáil airgeadais
- tá nósanna imeachta do phríomh-phróisis ghnó go léir doiciméadaithe
- tá córais in áit chun na sócmhainní a chosaint.

***Gnáis Rialála Maidir le Cúrsaí Riaracháin agus Tuairiscíocht Bainistíochta***

Dearbhaím go bhfuil creatchóras ar bun maidir le gnáis riaracháin agus tuairiscí rialta bainistíochta lena ngabhann deighilt dualgais agus córas tarmligin agus freagrachta agus, go háirithe

- go bhfuil córas cuí buiséadaithe ar siúl lena mbaineann buiséad bliantúla a choinníonn an lucht bainistíochta sinsearach faoi athbhreithniú
- go ndéanann an lucht bainistíochta sinsearach bearta athbhreithnithe go rialta ar thuairiscí airgid tráthrialta agus ar thuairiscí bliantúla ónar léir an fheidhmíocht i gcúrsaí airgid i gcomórtas lena raibh á thuar
- go bhfuil córas bainistíochta maidir le cúrsaí baoil ar siúl san Oifig Luachála
- go bhfuil córais ar bun d'fhonn slándáil na gcóras TFC a chinntiú
- go bhfuil treoirlínte cuí leagtha síos maidir le rialáil ar infheistíocht caipitil agus disciplíní foirmeálta maidir le bainistíocht tionscadail
- cinntíonn an Oifig Luachála go bhfuil béim chuí ar dhea-chleachtas nuair a bhítear ag ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíontas gach treoirlíne iomchuí a chinntiú.

***Iniúchadh Inmheánach agus Coiste Iniúchta***

Dearbhaím go bhfuil iniúchadh inmheánach mar fheidhm de chuid na hOifige Luachála lena ngabhann foireann atá oilte go cuí chuige agus gur de réir mar atá i gcairt i scríbhinn arna ceadú agamsa a oibrítear. Tagann an obair faoi scáth na hanailíse ar an mbagairt a bheadh ann ó thaobh cúrsaí airgeadais don Oifig Luachála agus bunaítear an plean bliantúil don iniúchadh inmheánach, arna ceadú agamsa, ar an anailís chéanna sin. Féachtar, trí na pleananna sin, le béim a leagan ar na bearta rialála príomhthábhachta arís agus arís eile i ndiaidh a chéile i rith tréimhse réasúnta ama. Déanaimse agus an Coiste Iniúchta athbhreithniú go tráthrialta ar an iniúchadh inmheánach. Tá gnáis oibre curtha ar bun agam trína gcinntítear go ndéantar beart de réir na dtuairiscí a eascraíonn ón iniúchadh inmheánach.

***Creat Riosca agus Rialaithe***

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Roinn a aithníonn agus a thuairiscíonn príomh rioscaí agus gníomhaíochtaí bainistíochta tógtha le tabhairt fúthu agus, don méid agus is féidir, na riosca *seo* a mhaolú.

Tá clár rioscaí in áit a aithníonn na príomh rioscaí don roinn agus tá siad aitheanta, measta agus grádaithe de réir a tábhachta. Déantar athbhreithniú agus uasdátú ar an chlár ag an mBord Bainistíochta (BB) go ráithiúil. Tá toradh na measúnuithe seo úsáidte le hacmhainní a phleanáil agus a dháileadh le cinntiú go ndéantar bainistiú ar rioscaí go leibhéal inghlactha.

Déanann an clár riosca cur síos ar na rialuithe agus gníomhaíochtaí is gá leis na rioscaí a mhaolú agus tugann sé feidhmiú rialuithe do bhaill foirne áirithe.

***Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach***

Tá nósanna imeachta foirmeálta bunaithe le monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus déantar rialú ar easnaimh a chur in iúl dóibh siúd freagrach as gníomhaíocht ceartaitheach a chur i bhfeidhm agus don bhainistíocht agus don BB, áit is ábhartha, go tráthúil. Dearbhaím go bhfuil príomh rioscaí agus na rialuithe bainteach aitheanta agus tá próisis curtha in áit le monatóireacht a dhéanamh ar na príomh rialuithe agus aon easnaimh aitheanta a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht***

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta ag an roinn le monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht a nósanna imeachta do bhainistiú riosca agus rialaithe. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na Roinne ar éifeachtúlacht an chórais do rialú inmheánach airgeadais curtha ar an eolas ag obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus an bhainistíocht shinsearach le freagracht as forbairt agus cothabháil ar an chreat do rialú inmheánach airgeadais.

***Saincheisteanna Rialaithe Inmheánacha Airgeadais***

Níor aithníodh aon laigí san rialú inmheánach airgeadais bainteach le 2017, ba chúis le, nó a d'fhéadfadh a bheith mar chúis le caillteanas ábhartha.

**John O'Sullivan**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Oifig Luachála

27 Márta 2018

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Tithe an Oireachtais

## Vóta 16 An Oifig Luachála

***Tuairim ar an gcuntas leithreasa***

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta16 An Oifig Luachála don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2017 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 16 An Oifig Luachála don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2017
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

***An bonn faoi mo thuairim***

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.* Níl baint ná páirt agam le An Oifig Luachála agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

***Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile***

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

21 Meán Fómhair 2018

## Vóta 16 An Oifig Luachála

## Cuntas Leithreasa 2017

| | | 2017 | | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar mheastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas chláir** | | | | |
| A | Seirbhís Luachála Stáit a sholáthar | 10,278 | 9,107 | 8,590 |
| B | Seirbhísí Riaracháin don Bhinse Luachála | 1,090 | 581 | 539 |
| | **Ollchaiteachas** | **11,368** | **9,688** | **9,129** |
| | *Lúide* | | | |
| C | **Leithreasaí-i-gcabhair** | **1,129** | **1,307** | **1,139** |
| | **Glanchaiteachas** | **10,239** | **8,381** | **7,990** |

**Farasbarr**

Tá barrachas na suime a soláthraíodh os cionn an ghlanmhéid a feidhmíodh dlite le géilleadh don Státchiste.

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | € | € |
| **Farasbarr le géilleadh** | **1,857,762** | **1,500,830** |

**John O'Sullivan**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Oifig Luachála

27 Márta 2018

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas maidir le Costas Oibriúcháin 2017

| | Nóta | | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Costas cláir | | | 1,277 | 1,184 |
| Pá | | | 6,725 | 6,487 |
| Neamhphá | | | 1,686 | 1,458 |
| **Ollchaiteachas** | | | **9,688** | **9,129** |
| *Lúide* | | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | | **1,307** | **1,139** |
| **Glanchaiteachas** | | | **8,381** | **7,990** |
| **Athraithe i sócmhainní caipitil** | | | | |
| Ceannacháin - airgead tirim | 2.2 | (76) | | |
| Dímheas | 2.2 | 210 | | |
| Caillteanas ar dhiúscairtí | 2.2 | 1 | 135 | (73) |
| **Athraithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | | |
| Laghdú ar fhabhruithe deiridh | | 142 | | |
| Laghdú ar stoc | | (6) | | |
| | | | 136 | 127 |
| **Caiteachas díreach** | | | **8,652** | **8,044** |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | | 4,648 | 4,652 |
| **Glanchostas chláir** | | | **13,300** | **12,696** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar Sheirbhísí Gaolmhara

Tá an glanmhéid caiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na méideanna measta seo a leanas maidir le Vóta 16 a iompraíodh in áit éigin eile.

| | | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | m | 3,818 | 3,546 |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | m | 821 | 1,106 |
| Vóta 18 An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | m | 9 | —- |
| | | **4,648** | **4,652** |

Tugann “m” le fios gur luach measta nó costas cionroinnte atá ann.

## Nóta 2 Ráiteas ar Staid Airgeadais ag 31 Nollaig 2017

| | Nóta | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní caipitil** | 2.2 | **322** | **457** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.3 | 191 | 98 |
| Stoic | 2.4 | 40 | 34 |
| Réamhíocaíochtaí | | 43 | 124 |
| Ioncam fabhraithe | | 108 | 71 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.5 | 10 | 77 |
| **Iomlán sócmhainní reatha** | | **392** | **404** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Speansais fabhraithe | | 133 | 121 |
| Ioncam iarchurtha | | 215 | 129 |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | 2.6 | 163 | 245 |
| Maoiniú glan ón Státchiste atá dlite | 2.7 | 38 | (70) |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **549** | **425** |
| **Glansócmhainní/(dliteanas) reatha** | | (157) | (21) |
| **Glansócmhainní** | | **165** | **436** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas Maoinithe Stáit** | 2.1 | **165** | **436** |

### 2.1 Cuntas maoinithe Stáit

| | Nóta | | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | | | 436 | 490 |
| Eisíocaíochtaí ón Vóta | | | | |
| Soláthar mheastacháin | Cuntas | 10,239 | | |
| Farasbarr le géilleadh | Cuntas | (1,858) | | |
| Vóta glan | | | 8,381 | 7,990 |
| Caiteachas (airgead tirim) a iompraíodh in áit éigin eile | 1.1 | | 4,648 | 4,652 |
| Glanchostas chláir | 1 | | (13,300) | (12,696) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | | **165** | **436** |

## 2.2 Sócmhainní caipitil

| | Trealamh Oifige agus TE | Troscán agus feistis | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Ollshóchmhainní** | | | |
| Costas nó luacháil amhail an 1 Eanáir 2017 | 1,759 | 1,122 | 2,881 |
| Suimeanna Breise | 57 | 19 | 76 |
| Diúscairtí | (87) | (12) | (99) |
| Costas nó luacháil amhail an 31 Nollaig 2017 | 1,729 | 1,129 | 2,858 |
| **Dímheas carntha** | | | |
| Iarmhéid tosaigh amhail an 1 Eanáir 2017 | 1,357 | 1,067 | 2,424 |
| Dímheas don bhliain | 198 | 12 | 210 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | (87) | (11) | (98) |
| Dímheas carntha amhail an 31 Nollaig 2017 | 1,468 | 1,068 | 2,536 |
| **Glansócmhainní amhail an 31 Nollaig 2017** | **261** | **61** | **322** |
| Glansócmhainní amhail an 31 Nollaig 2016 | 402 | 55 | 457 |

## 2.3 Banc agus airgead tirim

| ag 31 Nollaig | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid PMG agus airgead tirim | 12 | 46 |
| Iarmhéid chuntais bhainc thráchtála | 179 | 52 |
| | **191** | **98** |

## 2.4 Stoic

| ag 31 Nollaig | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Stoc intomhalta na hOifige Luachála | 40 | 34 |
| | **40** | **34** |

## 2.5 Iarmhéideanna dochair eile

| ag 31 Nollaig | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Scéim pas taistil a fhéadfar a fhorchúiteamh | 8 | 77 |
| Iarmhéideanna Dochair eile - míreanna fionraí | 2 | — |
| | **10** | **77** |

## 2.6 Iarmhéideanna creidmheasa eile

| ag 31 Nollaig | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| **Méideanna dlite don Stát** | | |
| Cáin Ioncaim | 101 | 137 |
| Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa | 54 | 65 |
| Cáin Bhreisluacha | 1 | 1 |
| Cáin shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla | 4 | 39 |
| | 160 | 242 |
| Aisíoc ar tháillí achomhairc atá fós gan íoc | 3 | 3 |
| | **163** | **245** |

## 2.7 Maoiniú glan ón Státchiste atá dlite

| ag 31 Nollaig | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Farasbarr le géilleadh | 1,858 | 1,501 |
| Deontas Státchiste gan tarraingt | (1,820) | (1,571) |
| **Maoiniú glan ón Státchiste atá dlite** | **38** | **(70)** |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 191 | 98 |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 10 | 77 |
| | 201 | 175 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (160) | (242) |
| Iarmhéideanna creidmheasa: fionraí | (3) | (3) |
| | (163) | (245) |
| | **38** | **(70)** |

## 2.8 Ceangaltais

| ag 31 Nollaig | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iomlán na gceangaltas atá infheidhmithe le dlí | **696** | **2,035** |

# Nóta 3 Caiteachas Vóta de réir Fho-mhírcheann

## Anailís ar chaiteachas riaracháin

Tugann an nóta seo a leanas anailís ar an chaiteachas riaracháin don Vóta agus achoimre ar na fáthanna do athrúcháin shuntasacha (+/- 25% agus €100,000). Tá caiteachas riaracháin roinnte tríd na chláir, le costais chláir iomlán a chur i láthair.

| | | | **2017** | **2016** |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar mheastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | 8,286 | 6,725 | 6,487 |
| ii | Taisteal agus cothabháil | 271 | 222 | 228 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | 885 | 515 | 609 |
| iv | Postas agus seirbhísí teileachumarsáide | 105 | 131 | 106 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí TE | 527 | 639 | 665 |
| vi | Costais maidir le háitribh oifige | 161 | 97 | 142 |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta agus luach ar airgead agus athbhreithnithe ar pholasaithe | 60 | 82 | 50 |
| | | **10,295** | **8,411** | **8,287** |

*Tabhair ar aird: Ar mhaithe le a bheith comhsheasmhach le luachanna na bliana roimhe seo agus le 2017 agus d'fhonn cloí leis an athrú ar Mheastachán 2017, rinneadh luachanna 2016 a athrangú chun athlonnú chaiteachas an Bhinse Luachála faoi fho-mhírcheann A2 sna Meastacháin a léiriú.*

**Athrúcháin shuntasacha**

*i.* *Tuarastail, pá agus liúntais*

Soláthar mheastacháin: €8.286 milliún, toradh: €6.725 milliún

Bhí easnamh €1.561 milliún sa chaiteachas a bhain leis an soláthar measta mar gheall go raibh ráta ceapacháin bhaill foirne nua níos moille ná mar a bhí súil leis agus mar gheall go ndeachaigh roinnt ball foirne ar scor.

*iii* *Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha*

Soláthar mheastacháin: €0.885 milliún, toradh: €0.515 milliún

Bhí easnamh €370,000 sa chaiteachas ar oiliúint agus forbairt agus ar chostais theagmhasacha de bharr go raibh laghdú ar líon éisteachtaí an Bhinse ná mar a bhí súil leis. Muirearaítear speansais na gcomhaltaí chuig an bhfo-mhírcheann seo.

## Clár A Seirbhís Luachála Stáit a Sholáthar

| | | 2017 | | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar mheastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| A.1 | Riarachán – pá | 7,906 | 6,482 | 6,290 |
| A.2 | Riarachán – neamhphá | 1,299 | 1,348 | 1,458 |
| A.3 | Táillí abhcóidí agus costais dlí eile | 73 | 1 | 203 |
| A.4 | Tionscadail náisiúnta athluachála | 1,000 | 1,276 | 639 |
| | | 10,278 | **9,107** | 8,590 |

**Athrúcháin Shuntasacha**

Ina iomláine, bhí an caiteachas a bhain le Clár A €1.17 milliún níos ísle ná mar a bhí curtha ar fáil ar dtús. Bhí €1.375 milliún de seo bainteach le caiteachas riaracháin agus tá cur síos ar sin cheana féin agus go ndearnadh é a fhritháireamh le glan-róchaitheamh €0.204 milliún in A.3 (Táillí abhcóidí agus costais dlí eile) agus A.4 (Tionscadail náisiúnta athluachála) atá mínithe thíos.

*A.4 Tionscadail náisiúnta athluachála*

Soláthar mheastacháin: €1 milliún, toradh: €1.276 milliún

Bhí méadú €0.276 milliún ar an gcaiteachas a bhain leis an soláthar measta mar gheall ar íocaíocht bhreise in 2017 leis an soláthraí seirbhíse seachtrach de bharr moill a bheith ar sheachadadh garsprice a tugadh ar aghaidh ón mbliain roimhe sin.

## Clár B Seirbhísí Riaracháin don Bhinse Luachála

| | | 2017 | | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar mheastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| B.1 | Riarachán – pá | 380 | 243 | 197 |
| B.2 | Riarachán – neamh-phá | 710 | 338 | 342 |
| | | **1,090** | **581** | **539** |

**Athrúcháin shuntasacha**

Ina iomláine, bhí an caiteachas a bhain le Clár B €0.509 milliún níos ísle ná mar a bhí curtha ar fáil ar dtús, agus bhain sin ar fad leis an gcaiteachas riaracháin agus is mar gheall orthu seo a leanas a tharla sé:

*B.2 Riarachán – neamh-phá*

Soláthar mheastacháin: €0.71 milliún, toradh: €0.338 milliún

Bhí easnamh €0.372 milliún i gcaiteachas a bhain leis an soláthar measta mar gheall go raibh níos lú éisteachtaí ann in 2017 ná mar a bhí súil leis.

# Nóta 4 Fáltais

## 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | 2017 | | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Measta** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1. | Táillí achomhairc an Bhinse Luachála | 60 | 296 | 31 |
| 2. | Deimhnithe luachála | 120 | 91 | 83 |
| 3. | Táillí athbhreithnithe luachála | 600 | 613 | 700 |
| 4. | Táillí ó achomhairc don gCoimisinéir | — | — | 2 |
| 5. | Fáltais ilghnéitheacha | 65 | 31 | 24 |
| 6. | Fáltais ó asbhaint a bhaineann le pinsin ar luach saothair na seirbhíse poiblí | 284 | 276 | 299 |
| | **Iomlán** | **1,129** | **1,307** | **1,139** |

**Athrúcháin shuntasacha**

Ar an iomlán, bhí leithreasaí i gcabhair €0.178 milliún níos mó ná an meastachán.

Tá mínithe ar na hathrúcháin shuntasacha leagtha amach thíos.

*1 Táillí achomhairc an Bhinse Luachála*

Soláthar mheastacháin: €60,000, toradh: €296,000

Bhain an méadú €236,000 le roinnt achomharc a fuarthas maidir leis an gclár Reval 2017 i ndeireadh 2017.

# Nóta 5 Líon Fostaithe agus Pá

## 5.1 Líon fostaithe

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| **Líon foirne ag deireadh na bliana** (coibhéis lánaimseartha) | **124** | **117** |

## 5.2 Pá

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 6,173 | 5,966 |
| Liúntas ard-dualgais, dualgais speisialta nó breise | 78 | 93 |
| Liúntais eile | 14 | 14 |
| Ragobair | 12 | 4 |
| ÁSPC an Fhostóra | 448 | 410 |
| **Pá Iomlán** | **6,725** | **6,487** |

## 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | Uasmhéid íocaíochta aonair 2017 | Uasmhéid íocaíochta aonair 2016 |
|---|---|---|---|---|
| | | | € | € |
| Ard-dualgais, dualgais speisialta nó breise | 18 | — | 8,274 | 8,274 |
| Liúntais eile | 4 | — | 4,693 | 1,855 |
| Ragobair | 9 | — | 4,852 | 3,578 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin. | 15 | — | 9,545 | 7,823 |

## 5.4 Socruithe eile luach saothair

Íocadh €52,355 le triúr státseirbhíseach atá ar scor a fostaíodh ar bhonn conartha ar thascanna speisialaithe. Cuireadh an riail um laghdú pinsin i bhfeidhm i gcomhréir le halt 52 den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha eile) 2012.

## Nóta 6 Míreanna Ilghnéitheacha

### 6.1 Cúiteamh agus costais dlí

Níor tabhaíodh aon chostais maidir le héilimh in aghaidh na hOifige nó an Bhinse Luachála in 2017 (2016: €203,000).

### 6.2 Cónascadh

Mar chuid de chlár cuíchóirithe na gcomhlachtaí Stáit, rinne an Rialtas cinne ar 31 Deireadh Fómhair 2012 leanúint le cónascadh an Oifig Luachála, Suirbhéireacht Ordanáis na hÉireann agus an tÚdarás Clárúcháin Maoine. Tabharfar Tailte Éireann ar an eagraíocht nua a thiocfaidh as an gcónascadh sin. Tá an Bille um Thailte Éireann á dhréachtú faoi láthair.

Tá an fhreagracht maidir le Tailte Éireann a bhunú aistrithe chuig an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil ón 1 Eanáir 2018 i ndiaidh an Oifig Luachála, Suirbhéireacht Ordanáis na hÉireann agus an tÚdarás Clárúcháin Maoine a aistriú chuig an Roinn sin ón Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí.

Idir an dá linn, tá Príomhfheidhmeannach Ainmnithe Thailte Éireann, a ceapadh ar 1 Iúil 2013, ag obair ar phlean mionsonraithe chun an t-eintiteas nua a bhunú. Leanfaidh sé air ag obair ar phleanáil agus ar leagan amach bhonneagar riachtanach na heagraíochta nua agus leanfaidh an Oifig Luachála ag tabhairt gach tacaíochta dó chuige sin.

Nuair a bhunófar é, beidh Tailte Éireann freagrach as córas clárúcháin maoine, bonneagar mapála agus suirbhéireachta agus seirbhís luachála maoine a chur ar fáil don Stát. Sa cháil sin, beidh an eagraíocht ina príomhfhoinse náisiúnta eolais maidir le maoin agus sonraí geospásúla agus féachfaidh sí le bheith ina eiseamláir chun seirbhísí eolais talún a fhorbairt agus a chur ar fáil.